

# An Garda Síochána

## Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht



# Slándáil Baile

## Soilsiú



### Réamhrá

Glactar go forleathan leis gur féidir le soilsiú cuí coireacht a laghdú agus gníomhú mar bhac éifeachtach ar bhuirgléirí. Cabhróidh soilsiú cuí do bhaile a dhéanamh níos infheicthe do chomharsain agus do dhaoine atá ag siúl thar bhráid; dá dhroim sin trí dhóchúlacht ionróirí gan iarraidh agus foghlaithe a fháil amach a mhéadú a oiread agus is féidir. Cuidíonn soilsiú eagla roimh choireacht a laghdú freisin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach go bhfuil teorainn ag baint le soilsiú agus mar gheall air sin, ba cheart aird a thabhairt air mar áis do ghnéithe eile slándála i do bhaile cosúil le slándáil maith fisiciúil, aláram ionraidh agus mar sin de.

Chun críche na bileoige eolais seo, beidh soilsiú roinnte ina dhá catagóir -

- **Seachtrach, agus**
- **Inmheánach**

### Soilsiú Seachtrach

Is iad na foirmeacha is coitianta ó thaobh soilsiú seachtrach de ná tuilsoilse tungstan halaigin agus soilse póirse/bulcaid. Bíonn na cinn eile, soilsiú an ghairdín san áireamh, le fáil freisin agus bíonn siad oiriúnach.

### Céard é an ceann is fearr domsa?

Is minic gur cinneadh deacair é seo a dhéanamh. Is fearr le roinnt daoine an solas geal a bheith acu, rud a thugann tuilsoilse; is fearr le daoine eile an solas is mó smachtaithe de lampa vatais níos isle a bheith acu.

Bíonn claonadh ar tuilsoilse a bheith oibrithe le cabhair gléas braitheora/infradhearg agus/nó lasc láimhe sáraitheach. Bíonn siad seo socraithe roimh ré le cur as tar éis achair ghearr. Ní bhíonn sé inghlactha, praiticiúil ná indéanta i gcoitinne na soilse seo a choinneáil ar siúl síoraí seasta: bheadh do bhille leitreachais amháin thar a bheith mór ar fad, ní gan trácht ar go mbeadh sé neamhchaidiúil ó thaobh na timpeallachta de agus an-chráite do do chuid comharsain.

Má dhéanann tú cinneadh a leithéid de chóras solais a thógáil tá sé an-tábhachtach go deo go bhfuil sé curtha in

áit agus á stiúradh i gceart. Tá sampla de thuilsoilse atá curtha in áit agus á stiúradh go bocht á thaispeáint i bhfigiúr a hAon (1). Faoi mar gur féidir leat a fheiceáil tá an solas ag soilsiú ar theach béal dorais agus freisin i dtreo na spéire. Tá an ceantar ina bhfuil solas maith sách beag agus is beag solas atá ag an gceantar atá is goire don teach. Tá an tuilsoilse curtha in áit freisin ar airde an-íseal ar fad, dá dhroim sin á dhéanamh níos éasca d'ionróir/foghlai a shroichint agus a dhíchumasú.



Figure 1: suíomh bocht agus treo bocht

Cuir an méid atá thuas i gcodarsnacht leis an suíomh agus an treo atá á léiriú i bhFigiúr a Dó (2). Anseo, tá an tuilsoilse curtha in áit níos airde suas an balla as sroicheadh éasca agus tá an léas á stiúradh ar an áit a ba cheart dó a bheith don úsáid is fearr. Tá níos lú solais ag soilsiú ar an maoin béal dorais agus ar an spéir.



Figure 2: suíomh maith agus treo maith

Is féidir soilse póirse/bulcaid, a fheistiú le cadhain fótaileic-

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheistean eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag [www.garda.ie](http://www.garda.ie)

treach íogair rud a ghníomhóidh an solas le titim na hoíche agus a chasfaidh as é le breacadh an lae. Is féidir leis na soilse seo a fheistiú le bolgáin vatais isle mar shampla na dlúthbhoglaí flourescent a shábháileann fuinneamh a sheasann i bhfad agus atá eacnamúil le rith, dá dhroim sin á ndéanamh níos cairdiúla ó thaobh na timpeallachta de. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an solas, ar nós mar atá sé le tuilsoilse, stiúraithe go cuí agus go bhfuil sé dea-suite. Is féidir leis na soilse seo a bheith nasctha go héasca le nasc ama más rogha é in áit córas 'ó thitim na hoíche go dtí breacadh an lae'.

Má bhíonn córas teilifís ciorcaid iata (TCD) in áit agat, caithfidh tú a chinntiú go bhfuil do chóras soilse ag luí le do chuid camaraí. Ba cheart tástáil súimh, ar léibhéalacha difriúla solais, a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil sé seo amhlaidh

### Soilsiú Inmheánach

San oíche, i bhformhór na dtithe cónaite atá ar áitiú ag duine cuirtear soilse air agus as ar thréimhsí neamhrialta i seomraí difriúla. Féadfaidh an solas sa seomra suite a bheith curtha air ar feadh uaireanta a' chloig in aghaidh na huairde de bhrí nach bhféadfar solas i seomra eile mar shampla halla nó seomra leapa a chur air ó am go ham de réir mar a ghluaiseann daoine isteach agus amach as na seomraí seo. I roinnt bailte cónaithe, go háirithe na cinn le páistí, is minic a fhágtar an solas sa cheann staighre ar siúl go buan i gcaitheamh na hoíche.

Tá sé tábhachtach mar sin, nuair a bhíonn teach follamh, go bhfuil imprisean ginte d'ionróirí a d'fhéadfadh a bheith ag briseadh isteach go bhfuil daoine sa teach le firinne. Is féidir leis seo a bhaint amach go héasca trí roinnt soilse a fhágáil nasctha air ar feadh i bhfad aimsire agus gan ach na cinn eile a fhágáil ar siúl ar feadh tréimhsí gearr fánacha. Is é an smaoineamh ná iarracht a dhéanamh le maireachtáil normáilte agus imeachtaí soilsithe a athchruthú nuair a bhíonn sé ar áitiú ag duine. Déan machnamh ar na ceantair ar fad, idir an tosach agus an cúl, thuas staighre agus thíos staighre.

Is iomaí gléas atá le fáil le é seo a bhaint amach:

- Amadóirí leictreacha nó meicniúla plugáil isteach ar shoicéad bhalla ceangailte le bord nó le lampa eile,
- braiteoirí uathobríochta 'ó thitim na hoíche go dtí breacadh an lae' a fheistíonn isteach sna soicéid solais síleála caighdeánacha, agus
- braiteoirí ama mar an gcéanna a bfeistíonn isteach i soicéid síleála solais agus mar sin de.

### Curtíní agus/nó Dallóga

Nuair a bhítear ag maireachtáil i do bhaile, osclaítear agus dúntar cuirtíní agus/nó dallóga go féiltiúil; go háirithe aimsir na maidine agus an tráthnóna. Nuair a bhíonn tú ar shiúl, ní hé seo an cás i gcoitinne agus coinnítear cuirtíní agus/ nó dallóga cibé acu oscailte go buan nó dúnta go buan.

Is maith an smaoineamh é iarracht a dhéanamh agus do chuid cleachtais normálta a mhacasamhlú maidir le do chuid cuirtíní agus/nó do dhallóga a oscailt agus a dhúnadh nuair a bhíonn tú ar shiúl. D'fhéadfadh comharsain nó cara a bhfuil muinín agat astu a fháil le é seo a dhéanamh. D'fhéadfeása, faoi seach, an méid céanna a dhéanamh dóibh siúd ag tráth eile.

Tá sé indéanta iad seo a bheith rialaithe go leictreonach; cé go bhfuil sé seo costasach.

### Torann Inmheánach

In iarracht an imprisean a chruthú go bhfuil duine sa teach, is maith an smaoineamh é freisin an raidió a chur ar siúl ag baint úsáide as amadóirí plugáil isteach, nó rud mar an gcéile, i gceann nó dhó de na seomraí (chun tosaigh agus ar gcúl). Féadfaidh sé a bheith níos fearr don stáisiún roghnaithe a bheith ina stáisiún 'cainte' níos mó ná a bheith ina stáisiún ceoil.

### Truailiú Solais

Tá truailiú solais seachtrach ag fáil ina fhadhb mhór i ndomhain an lae inniu. I dtéarmaí leathana, is féidir é a shainmhíniú mar 'úsáid a bhaint as solas saorga sonrach agus/nó an iomarca solais' agus clúdaíonn sé líon airithe catagóirí, lena n-áirítear -

- Foghail solais
- An iomarca soilsithe
- Breo na spéire
- Dallrú
- Tranglam

Is úsáid mí-éifeachtach é truailiú solais d'fhuinneamh luachmhar. Is féidir leis cur isteach ar an timpeallacht, éiceachórais agus drochthionchair a bheith aige ar shláinte an duine.

Ta sé tábhachtach, mar sin, nuair a bhítear ag roghnú córas soilsithe nó feistithe soilsithe do do bhaile go dtabharfar truailiú solais agus a chuid tionchair san áireamh.

### Pointí le cuimhneamh orthu

Mar achoimre, nuair a bhítear ag instealladh soilsiú slándála, tabhair san áireamh gach ceann den méid seo a leanas -

- Seachain scátha agus ceantair dorcha a chruthú
- Cuir feistiú an tsolais as sroicheadh
- Bíodh sé mar aidhm agat léibhéal solais comhréireach a bheith agat
- Díriú léas an tsolais go cuí
- Déan machnamh ar do chomharsain
- Seachain truailiú solais.

***Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán. Ar gach uairibh is críon é comhairle ghairmiúil chuí a lorg áit a dhéantar breisithe nó athruithe do do mhaoin le slándail a fheabhsú.***

***Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchan seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.***

### Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

#### Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,  
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.  
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314  
Ríomhphost: crime\_prevention@garda.ie

#### An Garda Síochána

[www.garda.ie](http://www.garda.ie)

#### Institiúid na nInnealtóirí Soilsithe

[www.ile.org.uk](http://www.ile.org.uk)